| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | An Beartas um Thacaíocht Chruatain do Mhic Léinn |
| **Cur Síos:** | Leis an mBeartas um Thacaíocht Chruatain do Mhic Léinn cuirtear meicníocht ar fáil do mhic léinn a bhfuil deacracht airgeadais acu socruithe a dhéanamh leis an Oifig Airgeadais d'fhonn a chinntiú gur féidir leo a gcuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh i leith na hInstitiúide ar bhealach soláimhsithe nach gcuireann isteach ar a staidéar. |
| **Údar (Post):** | An Leas-Uachtarán (Gnóthaí Acadúla) agus an Cláraitheoir |
| **Leagan:** | 2 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe AIE |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

**An Beartas um Thacaíocht Chruatain do Mhic Léinn**

## 1 Comhthéacs

I mBeartas Táillí Institiúid Oideachais Marino (MIE) leagtar amach na dátaí ar a bhfuil íocaíochtaí dlite agus na méideanna atá dlite don bhliain. Aithníonn MIE go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag mic léinn ar ócáidí maidir le riachtanais airgeadais a gcúrsa a chomhlíonadh ar bhealach tráthúil.

## 2 Cuspóir

Leis an mBeartas um Thacaíocht Chruatain do Mhic Léinn cuirtear meicníocht ar fáil do mhic léinn a bhfuil deacracht airgeadais acu socruithe a dhéanamh leis an Oifig Airgeadais d'fhonn a chinntiú gur féidir leo a gcuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh i leith na hInstitiúide ar bhealach soláimhsithe nach gcuireann isteach ar a staidéar.

## 3 Tairbhí

Leis an mBeartas seo:

3.1 Cuirtear próiseas le leanúint ar fáil do mhic léinn má bhíonn deacracht acu maidir le hoibleagáidí airgeadais a gcúrsa a chomhlíonadh;

3.2 Cuirtear an raon feidhme ar fáil don Institiúid chun cuidiú le mic léinn nach bhfuil in ann na spriocdhátaí le haghaidh a gcuid táillí a íoc a chomhlíonadh.

## 4 Raon Feidhme

4.1 Baineann an beartas seo le mic léinn fochéime agus iarchéime lánaimseartha uile MIE.

4.2 Níl mic léinn a bhfuil bliain an chúrsa á hathdhéanamh acu "gan saoirse ó léachtaí" nó "on books" mar is fearr aithne air, eisiata ó thacaíocht faoin mbeartas seo.

4.3 Níl mic léinn ar Bhonnchúrsa Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide (TIFP) san áireamh leis an mbeartas seo.

## 5 Prionsabail

5.1 Ní foláir nó go bhfuil meas ag an Institiúid ar na mic léinn ó thaobh gnóthaí acadúla de d'fhonn a bheith curtha san áireamh maidir le tacaíocht.

5.2 Ba cheart do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí acu an Institiúid a chur ar an eolas, tríd an Teagascóir[1] dá gcuid, ar bhonn tráthúil.

5.3 Baineann an beartas seo le hoibleagáidí airgeadais amháin an mhic léinn, amhail táillí cúrsa, muirir socrúcháin, muirir ábhar, muirir Leabharlainne[2], srl. Is féidir cúnamh airgeadais maidir le costais eile, amhail cothabháil agus bia a iarraidh ó scéimeanna eile, amhail An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn (SAF).

# 6 Beartas

## 6.1 Iarratas ar Shíneadh

Iarrtar ar mhic léinn sa dara bliain agus i mblianta ina dhiaidh sin a chuireann in iúl don Oifig Airgeadais nach mbeidh siad in ann na spriocdhátaí íocaíochta a chomhlíonadh síneadh a iarraidh go foirmiúil, agus a gcuid cúinsí á sonrú agus conas/cathain a bheidh siad in ann an táille dhlite a íoc.

Déanann Coiste SAF iarratais a athbhreithniú mura bhfuil cás neamhghnách nó casta i gceist. Tá Coiste SAF comhdhéanta den Phríomh-Theagascóir[1] (cathaoirleach), de Cheann Roinn na hÉagsúlachta Domhanda, na hInbhuanaitheachta & an Oideachais Idirchultúrtha, agus de Cheann Roinn na hIonchuimsitheachta, an Oideachais Reiligiúnaigh agus Shaol na Mac Léinn.

## 6.2 Cruatan

Uaireanta ní bhíonn deonú sínidh ar dhátaí íocaíochtaí dlite imleor, nuair a bhíonn deacracht airgeadais ag mac léinn agus ní bhíonn sé/sí in ann i ndáiríre na táillí don bhliain a íoc.

Nuair a éiríonn an Príomh-Theagascóir[1], an Bainisteoir Airgeadais nó an Leas-Uachtarán Airgeadais agus Seirbhísí Gairmiúla eolach ar mhac léinn atá sa chás sin (de ghnáth trí Theagascóir[1] an mhic léinn), ba cheart iarraidh ar an mac léinn freastal ar chruinniú leis an bPríomh-Theagascóir[1], agus leis an mBainisteoir Airgeadais agus le ceachtar de Cheann Roinn na hÉagsúlachta Domhanda, na hInbhuanaitheachta & an Oideachais Idirchultúrtha, nó Ceann Roinn na hIonchuimsitheachta, an Oideachais Reiligiúnaigh agus Shaol na Mac Léinn. Cuirfear in iúl don mhac léinn freisin gur féidir leis/léi cuireadh a thabhairt do dhuine amháin eile chun teacht chuig an gcruinniú (an Teagascóir[1] dá c(h)uid de ghnáth) más mian leis/léi.

---

[1] Féach Beartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí
[2] Féach An Beartas maidir le Rochtain ar an Leabharlann agus Iasachtaí

Is é cuspóir an chruinnithe cúinsí airgeadais an mhic léinn a phlé, ar bhealach neamh-achrannach agus tacúil, agus chun an seans a mheas go mbeidh sé/sí in ann méid na táille atá dlite a íoc in am trátha, bíodh is go mbeidh sé sin tar éis an dáta dhlite normálta.

Tar éis bualadh leis an mac léinn, ullmhófar nóta i scríbhinn den chruinniú a ndéanfar é a chóipeáil chuig an mac léinn, agus tráchtanna á n-iarraidh.

Tar éis an chruinnithe, cuirfidh an Príomh-Theagascóir[3] an cinneadh in iúl don Oifig Airgeadais, agus cuireann an Oifig an mac léinn ar an eolas ansin. D'fhéadfadh an Leas-Uachtarán Airgeadais agus Seirbhísí Gairmiúla scríobh chuig Coiste Airgeadais[4] an Bhoird Rialaithe[5] agus cead á iarraidh chun an táille iomlán nó cuid di a tharscaoileadh. Ní nochtfar ainm an mhic léinn do bhaill an Choiste Airgeadais[2].

Go minic tarlaíonn sé go mbíonn pionóis eile tabhaithe ag mic léinn a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu le linn na bliana, maidir le híocaíocht mhall, srl. Tá sé réamh-mheasta go ndéanfar a leithéid de mhuirir a aisiompú nuair is iomchuí[6].

### 6.3 Critéir

6.3.1 Áirítear na nithe a leanas maidir leis na fachtóirí a bheidh le cur san áireamh chun a mheasúnú más féidir táille a tharscaoileadh:

- i An bhfuil cúinsí airgeadais an mhic léinn athraithe gan choinne ó thús na bliana?
- ii An mac léinn ar Bhealach Rochtana Ardoideachais nó ar Bhealach Rochtana Míchumais ar Oideachas an mac léinn?
- iii An ndearna an mac léinn iarrachtaí go dtí seo chun íocaíochtaí a dhéanamh?
- iv An ndearna an mac léinn iarrachtaí tacaíocht airgeadais a fháil m.sh. Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)?
- v Mura bhfuil an mac léinn i dteideal deontais, cad iad na fachtóirí a bhí ina gcúis leis an deacracht dá c(h)uid maidir leis na méideanna dlite a íoc le MIE?
- vi An ndearna an mac léinn iarratas ar SAF? (Cé nach gceadaíonn SAF loghadh táillí a íoc, is féidir leis cúnamh a sholáthar le costais eile, m.sh. bia, taisteal, speansais chóiríochta).

---

[3] Féach an Beartas um Chóras na dTeagascóirí agus an Nós Imeachta um Chóras na dTeagascóirí
[4] FéachTéarmaí Tagartha an Choiste Airgeadais
[5] Féach an Cód Rialachais agus Gnóthaí a Fhorchoimeádtar do Chomhlacht Rialaithe MIE
[6] Féach An Beartas um Tháillí na hInstitiúide

vii An bhfuil foinsí cistí ar bith eile ar fáil go hionchasach don mhac léinn (m.sh. ó bhall teaghlaigh, nó trí iasacht a fháil)?

viii Cad é mar atá feidhmíocht an mhic léinn go ginearálta - tinreamh, feidhmíocht acadúil, oiriúnacht don chúrsa, tiomantas agus díograis, srl?

6.4 Trí mhachnamh a dhéanamh maidir le cé acu an mbeidh nó nach mbeidh tarscaoileadh táille ina thairbhe, tá sé tábhachtach freisin ionchais airgeadais an mhic léinn a shocrú le haghaidh na mblianta le teacht.

6.5 Níl mic léinn a bhfuil bliain an chúrsa á hathdhéanamh acu eisiata ó thacaíocht faoin mbeartas seo.

6.6 Tá an ceart achomhairc ag mic léinn maidir le cinneadh ar bith a dhéantar maidir lena gcás ar leith, agus ba cheart achomhairc a thaisceadh leis an Leas-Uachtarán um Airgeadas agus um Sheirbhísí Gairmiúla.

6.7 Déanfar an cháipéis seo a athbhreithniú ag idirthréimhsí trí bliana. D'fhéadfaí í a athbhreithniú idir idirthréimhsí dá leithéid i gcás forbairtí reachtacha nó forbairtí ábhartha eile.

## 7 Freagracht

Is é an Cláraitheoir & an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla atá freagrach as an mbeartas seo.

## 8 Cáipéisí Gaolmhara

8.1 Measúnú Acadúil agus Dul Chun Cinn Acadúil

8.2 Beartas Chóras na dTeagascóirí

8.3 Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

8.4 Téarmaí Tagartha an Choiste Airgeadais

8.5 Cód Rialachais

8.6 Cúrsaí a Fhorchoimeádtar do Chomhlacht Rialaithe MIE

8.7 An Beartas um Tháillí na hInstitiúide